# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006**

---

## GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II

**(120 marc)**

---

**AOINE, 9 MEITHEAMH - MAIDIN, 10.15 go dtí 12.15**

---

## ROINN I - PRÓS LITEARTHA [30 marc]


**Ceist 1**. Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** **nó** **B**.

[ *Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat*. ]

**(Ní gá dul thar leathanach sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad.)**

# Fuadach

(Bhí Uachtarán na hÉireann ag teacht go dtí an scoil. An mhaidin sin bhailigh idir mhúinteoirí agus dhaltaí ar an bhfaiche taobh amuigh. Bhí siad ar bís ag féachaint i dtreo na spéire. Mhothaigh siad slán sábháilte mar bhí na gardaí síochána ina dteannta. Ba é an rud deireanach ar a n-intinn an eachtra a bhí ar tí tarlú.)




**1.** Bhreathnaigh cuid acu ar a n-uaireadóirí. Sé nóiméad tar éis a naoi. D'fhéach Bean Uí Cheallaigh, an príomhoide, thart uirthi. Bhí gach duine ina líne cheart. Bhí cuma an-neirbhíseach ar an mBleachtaire Ó Broin. Ba léir go raibh sé buartha faoi rud éigin. Bhí sé ag béicíl isteach ina fhón póca. Ba léir, áfach, nach raibh an duine ar an taobh eile den líne in ann é a chloisteáil. Chuir sé an fón isteach ina phóca agus thosaigh sé ar a bhealach a dhéanamh timpeall ar an slua.

**2.** Díreach ag an bpointe sin thuirling an héileacaptar. Bhí an gleo an-ard. Osclaíodh an doras agus léim beirt fhear amach. Tháinig beirt eile ina ndiaidh. Ceathrar fear cosanta! Ní fhaca na páistí a leithéid cheana ach amháin sna scannáin. Níor rith sé leo go raibh aon rud bun os cionn. Thóg sé cúpla nóiméad orthu na *balaclavas* a thabhairt faoi deara. Thosaigh an Bleachtaire Ó Broin ag tabhairt orduithe in ard a chinn is a ghutha. "Coinnigh an príomhoide agus an cailín siar," a bhéic sé.

**3.** Bhí sé ródhéanach. I bpreabadh na súl bhí Bean Uí Cheallaigh agus Conchita, an cailín, i ngreim ag na fir a bhí ag caitheamh na *mbalaclavas*. Ansin thosaigh duine de na fir seo, a raibh meigeafón ina láimh aige, ag labhairt leo. "Lámha suas san aer ag gach uile dhuine. Gardaí agus bleachtairí amach anseo chun tosaigh. Tá a fhios againn cé mhéad agaibh atá anseo. Amach anseo libh le bhur lámha san aer. Má fhanann gach duine socair beidh sibh go breá. Nílimid ag iarraidh aon duine a ghortú." Rinneadh mar a dúradh agus chuaigh duine de na fir timpeall ag bailiú gunnaí na ngardaí. Bhailigh sé na fóin phóca a bhí ag daoine freisin.

**4.** Nuair a bhí an rud seo go léir ar siúl chuaigh duine de na múinteoirí, an Máistir Ó hEadhra, chomh fada leis na sceimhlitheoirí. D'impigh sé orthu an príomhoide agus an cailín a scaoileadh saor. Dúirt sé leo go raibh sé sásta a n-áit a thógáil. Bhí argóint theasaí idir an Máistir Ó hEadhra agus duine de na sceimhlitheoirí ach faoi dheireadh ligeadh Bean Uí Cheallaigh saor. Rug mo dhuine go garbh ar an Máistir Ó hEadhra agus bhrúigh sé isteach sa héileacaptar é. Lean sé féin é. Ansin na sceimhlitheoirí eile. Duine ar dhuine. Conchita i ngreim ag an duine deireanach. Eisean ar dtús. Ise ar deireadh. A haghaidh i dtreo an tslua, í ina sciath chosanta aige siúd. Sceon agus uafás le feiceáil ina súile dorcha. Go tobann bhí siad imithe. Agus an gleo ag imeacht trasna na spéire bhí na gardaí gnóthach cheana féin.

**5.** Rinne beirt gharda agus na múinteoirí na páistí go léir a thabhairt isteach sa halla. Shuigh deartháireacha is deirfiúracha móra leis na páistí beaga, a lámha thart timpeall orthu. Thosaigh múinteoirí ag dul thart ag iarraidh compord a thabhairt dóibh. Cé go raibh cuid de na páistí ag caoineadh bhí páistí áirithe chomh suaite is chomh scanraithe sin nach bhféadfaidís deoir a shileadh. Bhí na múinteoirí féin chomh trína chéile agus chomh scanraithe leis na páistí. Bhí gach duine ag smaoineamh ar scéalta a bhí feicthe nó cloiste acu faoin saghas seo ruda cheana – fuadaitheoirí ag fuadach páiste ó theaghlach saibhir agus ag iarraidh airgead fuascailte ansin.

**6.** Diaidh ar ndiaidh bhí an halla ag éirí ciúin. Tuismitheoirí ag teacht is a gcuid páistí á mbailiú acu. Na gardaí taobh amuigh ag lorg aon bhlúire fianaise a bhí fágtha ina ndiaidh ag na fuadaitheoirí. Bhí ceamaraí teilifíse, iriseoirí agus grianghrafadóirí ag an ngeata, iad ag iarraidh labhairt le pé duine a bhí sásta labhairt leo. Bhí an feitheamh fada tosaithe.

(Sliocht athchóirithe as an úrscéal ***Fuadach*** le **Áine Ní Ghlinn)**

## **Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**A ( Buntuiscint )**

**(i)** Luaigh **dhá rud** atá luaite in **Alt 1** a léiríonn go raibh an Bleachtaire Ó Broin buartha faoi rud éigin.

**(ii)** Breac síos **dhá phointe** eolais a thaispeánann go raibh na sceimhlitheoirí (na fir a bhí ag caitheamh na *mbalaclavas*) ullamh don rud a bhí ar siúl acu.

**(iii)** Tabhair **dhá shampla** ar bith as **Alt 4** agus **Alt 5** den scanradh a bhí ar na daoine.

**B ( Léirthuiscint Ghinearálta )**

**(i)** 'Léiríonn an t-údar cúram agus cineáltas na múinteoirí go soiléir sa scéal.'
Do thuairim uait faoi sin. (Is leor **dhá phointe** a lua.)

**(ii)** 'Bhí an Máistir Ó hEadhra misniúil agus cróga.'
Do thuairim uait faoi sin. (Is leor **dhá phointe** a lua.)

**(iii)** Ar thaitin an scéal leat ? Tabhair **dhá chúis** le do thuairim.

---

**Ceist 2.** Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach nó mar sin i do fhreagra.) (15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge nó úrscéal Gaeilge nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá sa sliocht i **gCeist 1** thuas. Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin ábhair.

**nó**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i **gCeist 1** faoin ábhar úd agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de na *hábhair* seo a leanas ainmnigh gearrscéal Gaeilge nó úrscéal Gaeilge nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an *t-ábhar* sin i gceist ann.
Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(a) Tréith láidir i nduine éigin
(b) Tuismitheoirí
(c) Taibhsí
(d) Eachtra a bhain le hainmhí nó le héan
(e) Eachtra i dtír eile
(f) Míthuiscint idir daoine

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat.

(**Nóta**: I gcás **A** nó **B** thuas tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann i rith do chúrsa.)

---

## ROINN II – FILÍOCHT [30 marc]

**Ceist 1**. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** nó **B**.

*[ Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. ]*

**(Ní gá dul thar leathanach sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad.)**

**Béal na Scornaí**

I mBéal na Scornaí
séideann gaoth
atá chomh fuar
chomh huaigneach

Is cuimhin liom uair
an ghrian go glé
i ngleanntán
Bhéal na Scornaí

Ach anois, a chroí,
och! séideann gaoth
gan stad
trí Bhéal na Scornaí

D'imigh mo ghrá
an Béal amach
Is d'fhág sí mé
go brónach

Is ní fheicfear mé
Go múchtar an ré
arís
i mBéal na Scornaí.

(le **SE Ó Cearbhall)**)

**Gluais:**
**Teideal:** ainm áite
**(L.18)** an ré: an ghealach

**Sráidbhaile**

An sráidbhaile
ar tógadh mise ann
bhí sé chomh sciomartha
le monarcha feola;

d'fheicfeá do scáil
i leaca na sráide,
d'íosfá do dhinnéar
ó urlár an mhargaidh;

pobal ceart, pobal cóir,
an sagart, an sáirsint, an polaiteoir,
i dtiúin le chéile ar Lá Fhéile Pádraig,
mórtasach, creidmheach, spórtúil, gáireach;

mná is fir ar chúl a chéile
fhad is nár trasnaíodh an líne;
don té a bhí éagsúil i modh nó i mbéasa
bhí an áit chomh huaigneach le bothán sléibhe.

(le **Róise Ní Ghráda**)

**Gluais:**
**(L.3)** sciomartha: nite, glanta
**(L.5)** scáil: an rud a fheictear i scáthán
**(L.12)** mórtasach: bródúil
**(L.15)** éagsúil: difriúil
**(L.16)** bothán: seanteach suarach

## Ceisteanna (iad ar cómharc)

### A ( Buntuiscint )

**(i)** Cén sórt aimsire atá ann anois i mBéal na Scornaí ?
Conas a bhí sí uair ? (**Línte 1 – 12** as *Béal na Scornaí* )

**(ii)** Luaigh **dhá rud** a léiríonn go raibh an sráidbhaile 'sciomartha'. (**Línte 1 – 8** as *An Sráidbhaile*)

**(iii)** Cén fáth a bhfuil an file 'go brónach' sa dán *Béal na Scornaí* ?
Cén saghas duine a bhí 'uaigneach' sa dán *An Sráidbhaile* ?

### B ( Léirthuiscint )

**(i)** Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna **línte 13-16** sa dán *An Sráidbhaile*, dar leatsa.

**(ii)** Luaigh **difríocht amháin** agus **cosúlacht amháin** atá idir an dá dhán.

**(iii)** Cé acu den dá dhán is fearr leat? (Is leor **dhá fháth** a lua.)

**<u>Ceist 2</u>**. Freagair **A** <u>nó</u> **B** anseo. **(Ní gá dul thar <u>leathleathanach</u> i do fhreagra.)** **(15 mharc)**

**<u>A</u>**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá i do rogha **<u>ceann amháin</u>** den dá dhán i **gCeist 1** thuas.
<u>Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir</u>.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin ábhair sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

**<u>nó</u>**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin ábhar úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa dán atá ainmnithe agat.

**<u>B</u>**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil do rogha **<u>ceann amháin</u>** de na *téamaí* seo thíos i gceist ann.
<u>Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir</u>.

(a) Meas ag an bhfile ar dhuine áirithe
(b) Eachtra a tharla
(c) Na séasúir
(d) Saol na scoile
(e) Rud éigin a chuir fearg ar an bhfile
(f) An fharraige

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *téama* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *téama* sin os ár gcomhair.

| ROINN III – LÉAMHTHUISCINT (GIOTAÍ GEARRA) | [30 marc] |
|---|---|

Freagair do rogha **trí cinn** de **A, B, C, D** anseo. **(Is leor freagraí gairide i ngach cás.)**

*[ I gcás **A, B** agus **C** bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. ]*

**A** **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (bunaithe ar ***fhógra*** de chuid ***BIM*** ) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## Roghnaigh iasc ar son na beatha.

Is cuma cén aois tú, bíonn an bia folláin dea-chothaitheach riachtanach i gcónaí. Má bhíonn iasc san aiste bhia agat go rialta, ní baol duit. Tá na cothuithe bia, atá riachtanach chun go mbeidh saol folláin sláintiúil ag duine, le fáil in iasc. Má itheann tú iasc faoi dhó in aghaidh na seachtaine déanfaidh sé maitheas do do chroí, do néarchóras, d'inchinn agus do chraiceann.

Anois tá leabhrán eolais ar fáil ó ***BIM***. Sa leabhrán seo tá eolas faoi na buntáistí a bhaineann le hiasc a ithe go rialta. Tugtar eolas freisin ann ar conas béilí deasa blasta éisc a ullmhú go simplí. Má theastaíonn an leabhrán seo uait déan teagmháil le ***BIM*** ag O1 2144250 nó tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin ag www.bim.ie/wellbeing




**(i)** Luaigh **dhá bhuntáiste** a bhaineann le hiasc a ithe go rialta.


**(ii)** Conas is féidir an leabhrán a fháil ó ***BIM*** ? Luaigh **dhá shlí**.

**B** **10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as www.rosnarun.com - Gné Ailt) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## Ros na Rún

Sobaldráma de chuid TG4 is ea Ros na Rún. Tá sé ar siúl ó 1996. Taispeántar é dhá oíche in aghaidh na seachtaine ar TG4, gach Máirt agus Déardaoin ag 8.30pm ó Mheán Fómhair go Bealtaine. Bíonn athchraoladh ar na cláir le feiceáil maidin Dé Céadaoin agus maidin Dé Máirt. Craolann RTÉ an tsraith sa samhradh ina dhiaidh sin.



Baile beag Gaeltachta is ea Ros na Rún. Níl tada ciúin ná iargúlta ag baint leis mar bhaile. Ar nós na sobaldrámaí móra eile is scáthán é a bhfuil 'chuile ghné den saol nua-aimseartha' le feiceáil ann. Bíonn sé lán de scéalta corraitheacha agus carachtair láidre: an laoch, an bithiúnach, an naomh agus an rógaire. Oireann an t-ainm dó mar is mó rún atá ar an mbaile céanna.

Tarlaíonn príomhimeachtaí an dráma sa teach tábhairne, sa chaife, sa stáisiún raidió agus sa siopa áitiúil. Toisc go ndéantar an clár in aice leis an Spidéal, i gCo na Gaillimhe, bíonn deis iontach ag na léiritheoirí úsáid a bhaint as an tírdhreach álainn atá sa cheantar i gcomhair suíomh áirithe. Tá gach aon eolas faoin gclár le fáil ar an láithreán gréasáin, ag www.rosnarun,com nó ag www.tg4.ie . Tabhair cuairt ar Ros na Rún. Ní bheidh díomá ort.


**(i)** Cé mhéad uair sa tseachtain a thaispeántar Ros na Rún ar TG4 ?
Cathain a thaispeánann RTÉ an sobaldráma ?

**(ii)** Luaigh **dhá chosúlacht**, ó **Alt 2**, atá idir Ros na Rún agus sobaldrámaí eile.

## C

Léigh an sliocht seo a leanas (as **Foinse**) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(10 marc)**

# Scarlett Johannson




Rugadh Scarlett Johannson i Nua-Eabhrac sa bhliain 1984. Thosaigh sí ag aisteoireacht nuair a bhí sí ocht mbliana d'aois. Bhí páirt bheag aici i ndráma stáitse darbh ainm *Sophistry*. Bhí Ethan Hawke sa dráma céanna. Ó shin i leith tá clú agus cáil bainte amach aici mar aisteoir. Anois tá na criticeoirí ag déanamh comparáide idir í agus Meryl Streep. Is moladh ard é sin do bhean nach bhfuil ach dhá bhliain is fiche d'aois.

Cé go raibh Scarlett i mórán scannán is iad na trí scannán léi a sheasann amach ná *Girl with a Pearl Earring, Lost in Translation* agus *A Good Woman*. Is maith léi rólanna atá dúshlánach agus carachtair atá casta. Is fearr léi go mór bheith ag aisteoireacht le fir atá cúpla bliain níos sine ná í féin, leithéidí Bill Murray agus John Travolta. Cuirfidh sé seo díomá ar go leor fear óg ach deir Scarlett nach bhféadfadh sí í féin a shamhlú ag siúl amach le fear faoi bhun tríocha bliain d'aois.

Is í Melanie, a máthair, an bainisteoir atá aici. Scar a hathair, Karsten, agus Melanie nuair a bhí Scarlett trí bliana déag d'aois. Caitheann sí am leis an mbeirt acu, Karsten i Nua-Eabhrac agus Melanie i Los Angles. Réitíonn sí go maith leo agus deir sí go bhfuil saol normálta go leor aici. Coimeádann Scarlett a cosa ar an talamh i gcónaí. Ní maith léi réalta óga a mbíonn a gceann sna scamaill acu.

**(i)** Cén tslí bheatha atá ag Scarlett Johannson agus cén aois í ?

**(ii)** Breac síos **dhá phointe** eolais i dtaobh Scarlett agus na fir ina saol.

## D

Déan staidéar ar an sliocht athchóirithe seo a leanas (as www.tg4.ie) a bhfuil bearnaí ann atá uimhrithe ó **(1)** go dtí **(11)**. Ansin líon gach bearna díobh le focal oiriúnach as an liosta thíos. (Níl aon ord speisialta ar an liosta sin.) Ba cheart an freagra i do fhreagarleabhar a leagan amach mar seo:


"Bearna **(1)** = taistil", agus mar sin de. Ní gá an sliocht féin a scríobh. **(10 marc)**

# Ó Cairo go Cape Town

Fear mór **(1)** é Hector Ó hEochagáin. Is mó uair a chuaigh sé amú ar son na cúise do TG4. Ceann de na turais is spéisiúla a **(2)** sé air go dtí seo ná an turas chun na hAfraice. Thaistil sé ó Cairo go Cape Town ag stopadh ar an **(3)** san Aetóip, sa Chéinia, sa Tansáin agus sa tSaimbia. Thaistil sé os **(4)** 5,000 míle ar fad.

Bhí go leor fadhbanna aige féin agus ag an gcriú le **(5)** an turais. D'imigh na málaí taistil amú orthu uair amháin. Uair eile níor fhéad siad an t-uisce a ól mar bhí sé salach. Bhí fadhb **(6)** ag Hector leis an teas marbhánta freisin. Ach lean sé ar **(7)** ar son na cúise.

In Cairo rinne sé damhsa boilg. D'fhreastail sé **(8)** bhainis sa Chéinia agus d'ól sé fuil chaorach ann mar **(9)** den cheiliúradh. Rinne sé safari sa Serengeti agus bhuail sé le **(10)** ar Kilimanjaro a raibh geansaí Uíbh Fhailí air. Faoi **(11)** tháinig Hector dána abhaile slán sábháilte agus bhain an pobal, idir óg agus aosta, sult as a chuid gheáitsíochta nuair a craoladh iad ar TG.4.




**Liosta focal:** taistil [Bearna (1)]; cionn; dúchasach; bheag; ndeachaigh; mbealach; aghaidh; ar; chuid; dheireadh; linn.

## ROINN IV – LITIR A SCRÍOBH [30 marc]

Freagair **A** nó **B** nó **C** anseo. (**Ná gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)**

**A**

Osclaíodh ionad nua siopadóireachta i do cheantar féin le déanaí. Scríobh litir chuig cara leat ag insint dó/di faoi.

I do litir luaigh

- pointe **amháin** faoin oscailt oifigiúil
- **dhá** rud a thaitníonn leat faoin áit
- **dhá** rud nach dtaitníonn leat faoin áit

**B**

Fuair tú bronntanas speisialta le déanaí. Scríobh litir chuig cara leat faoi.

I do litir luaigh

- cén fáth a bhfuair tú an bronntanas
- an saghas bronntanais a fuair tú
- **dhá phointe** faoin duine nó na daoine a thug an an bronntanas duit
- **pointe amháin** eile i dtaobh na hócáide

**C**

Léigh tú litir i nuachtán le déanaí a dúirt go raibh laethanta saoire scoile an tsamhraidh rófhada. Scríobh **litir** chuig eagarthóir an nuachtáin sin i dtaobh a raibh sa litir sin.

I do litir luaigh

- **dhá argóint** a bhí sa litir nach n-aontaíonn tú leo
- **dhá argóint eile** uait féin i bhfábhar laethanta saoire mar atá siad
- **rud amháin eile** a dúradh sa litir a chuir fearg ort